Ag caint faoin am atá amach romhainn: Stór focal

TEG B1: Aonad 15

STÓR FOCAL (AN tAM ATÁ LE TEACHT)

Féach féin agus an duine in aice leat ar na freagraí ar an gceist thíos agus déanaigí plé le chéile ar conas a chuirtear an aimsir fháistineach in iúl cé nach i gcónaí a bhíonn an aimsir fháistineach in úsáid:

An bhfuil aon rud beartaithe agat don oíche anocht?

- **Tá mé** ag dul chuig cóisir.
- **Rachaidh mé** go dtí an linn snámha, sílim.
- **Má bhíonn** an aimsir go maith **rachaidh** mé ag siúl.
- **Tá sé beartaithe agam** bualadh le mo dheartháir sa chathair.
- **Tá sé ar intinn agam** dul abhaile agus luí ar an tolg don trathnóna.
- **Tá sé i gceist agam** dul amach díreach tar éis na hoibre.
- Tá brú an-mhór orm faoi láthair agus caithfidh mé fanacht sa oifig, is baolach.

1. Frásaí úsáideacha. Ceangail na frásaí Gaeilge thíos leis na frásaí Béarla cuí ón liosta ar dheis.

1. An bhfuil aon rud socraithe/beartaithe agat don . . .	a. I don't feel like it.	1.	
2. Cad chuige nach rachaimid go . . . ?	b. Wait and we will see	2.	
3. B'fhéidir ach . . .	c. Maybe but . . .	3.	
4. Níl a fhios agam an bhfuil mé saor.	d. I don't think I can.	4.	
5. Níl fonn orm . . .	e. I hope I'll be able.	5.	
6. Má bhíonn an t-am agam.	f. Do you have plans for . . . ?	6.	
7. Fan go bhfeicfimid . . .	g. That's a good idea.	7.	
8. Cinnte!	h. Hopefully	8.	
9. Ní dóigh liom gur féidir liom.	i. Why don't we go . . . ?	9.	
10. Tá súil agam go mbeidh mé in ann	j. Sure!	10.	
11. Sin smaoineamh maith.	k. Fantastic! Let's go.	11.	
12. Ba bhreá liom ach . . .	l. I don't know if I'm free.	12.	
13. Go hiontach! Imeoidh muid.	m. I'd love to but . . .	13.	
14. Le cúnamh Dé	n. If I have time.	14.	

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

TEG B1 Aonad 15
An tAm atá romhainn: Stór focal

Féach ar na comhráite samplacha seo ina bhfuil daoine ag plé socruithe don deireadh seachtaine:

Duine A: An rachaimid go dtí an amharclann ag an deireadh seachtaine? Is fada ó chonaiceamar dráma ar an stáitse.
Duine B: Níl aon dráma maith ar siúl faoi láthair. Cad faoi dhul chuig ceolchoirm?

Duine A: An bhfuil tú ag déanamh aon rud deas ag an deireadh seachtaine?
Duine B: Níl aon phlean agam go fóill. Ar mhaith leat rud éigin a dhéanamh?
Duine A: Ba bhreá liom dul amach. Is fada ó chuamar amach sa chathair. Cad a déarfá? D'fhéadfaimis dul le haghaidh béile agus cúpla deoch ina dhiaidh sin agus ag rince fiú!
Duine A: Ó n'fheadar an bhfuil an fuinneamh agam don mhéid sin!

Anois, bí ag obair leis an duine in aice leat. Glacaigí sealanna ag déanamh socruithe don deireadh seachtaine bunaithe ar na himeachtaí sna pictiúir thuas. Bain úsáid as cuid den stór focal atá sna comhráite samplacha.

Cuimhnigh ar na comhráite a bhíonn agat féin leis na daoine i do shaol laethúil agus déan iarracht na comhráite seo a dhéanamh **réadúil agus nádúrtha**.

TEG B1 Aonad 15
An tAm atá romhainn: Stór focal

Bí cinnte go ndéanann sibh socrú má tá sibh sásta dul le chéile agus go mbíonn cúis mhaith agaibh mura féidir libh glacadh leis an gcuireadh.

NÓTAÍ

MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

San aonad seo, d'fhoghlaim mé:	😊	😐	☹️

Ceist(eanna) atá agam go fóill:

FREAGRAÍ

STÓR FOCAL

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14
f	i	c	l	a	n	b	j	d	e	g	m	k	h

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad